# Athrú do Phlean Forbartha Chontae Dhún na nGall 2018-2024
# (Arna Leasú)

## Maidir le hÁbhar Polasaí a bhaineann go sonrach le Leitir Ceanainn a scriosadh (Athrú Uimh. 3)

**29 Eanáir 2024**

Comhairle Contae
Dhún na nGall
Donegal County Council

**Seirbhísí Pobail, Forbartha agus Pleanála**

## Míniú ar Ábhar an Athraithe atá Molta

Is é atá san Athrú ná leasuithe téacs ar Chuid A agus B agus ar Chuid C de Phlean Forbartha Contae Dhún na nGall, 2018-2024 (arna leasú).

Tá 4 leasú i gCuid A agus B agus tá siad seo leagtha amach i dTábla 1: Leasuithe Molta ar Chuid A agus B.

Tá 8 leasú i gCuid C agus tá siad seo leagtha amach i dTábla 2: Leasuithe ar Chuid C.

## Nóta maidir le Téacs an Athraithe

Sa tábla thíos léiríonn an colún '**Athrú**' (a bhfuil scáthú buff ann) téacs an athraithe. Maidir leis na hathruithe sin:

- Dath dearg atá ar théacs nua atá le cur isteach
- Beidh ~~líne tríd~~ an téacs reatha atá le cealú agus dath gorm air
- Téacs reatha atá le fanacht sa phlean forbartha beidh dath dubh air.

Is ar mhaithe le héascaíocht tagartha amháin atá an chéad cholún, an dara colún agus an tríú colún agus níl siad mar chuid den Athrú.

## Tábla 1: Leasuithe ar Chuid A agus ar Chuid B

| Tag | Mar a bhfuil sé sa phlean | Cineál an Athraithe | Leasú Molta |
|---|---|---|---|
| **1.** | **Roinn 1.6: 'An Clár um Phleanáil Ceantair Áitiúla'** | **Téacs le leasú** | IS é an Plean Forbartha Contae (PFC) seo an chéad Phlean Forbartha Contae i gContae Dhún na nGall ina iomláine, (lena n-áirítear na hiar-cheantair Chomhairlí Bhaile Leitir Ceanainn, Bhun Cranncha agus Bhun Dobhráin). ~~Mar sin de,~~ leanann sé na creatlacha reatha úsáid talaimh agus criosaithe i ndáil le ~~Leitir Ceanainn,~~ Bun Cranncha agus Bun Dobhráin agus na téacsanna scríofa a bhaineann leo a dhaingniú. Cuirfidh clár pleanáilte chun Cláir um Phleanáil Ceantair (LAP) i ndáil le Leitir Ceanainn, Bun Cranncha agus Bun Dobhráin a dheimhnítear trí Chroí-Chuspóir Straitéiseach CS-0-15, an leibhéal cuí measúnaithe agus mionsonraithe ar fáil chun athbhreithniú a dhéanamh ar na creatlacha pleanála ina ndéanfaidh gach ceann acu a chinntiú athbhreithniú ar an bhonn fhianaise iomchuí. Tabharfaidh na Pleananna Ceantair Áitiúla cláraithe aghaidh ar an easnamh aitheanta ar thailte cónaithe 1ú céim i Leitir Ceanainn chomh maith le méid na dtailte ainmnithe 'Cúlchiste Cónaitheach Straitéiseach' (SRR) mar bhanc thailte cónaithe fadtéarmach i ngach baile.<br><br>~~Seo a leanas na hamscálaí don chlár pleanáilte Pleananna Ceantair Áitiúla:~~<br><br>▪ ~~An Plean Ceantair Áitiúil a ghlacadh mí Iúil 2018 maidir leis An Chlochán Liath, Bealach Féich, Srath an Urláir, Béal Átha Seanaidh, Carn Domhnach, Baile Dhún na nGall agus Ceann an Droichid freisin.~~<br><br>▪ ~~Ullmhúchán Dréacht-Phlean Ceantair Áitiúil maidir le Leitir Ceanainn (spriocfhoilsiú an 4ú ceathrú 2018).~~<br><br>▪ ~~Ullmhúchán Dréacht-Phlean Ceantair Áitiúil maidir le Bun Dobhráin agus Bun Cranncha (spriocthús an 4ú ceathrú 2018).~~ |

| Tag | Mar a bhfuil sé sa phlean | Cineál an Athraithe | Leasú Molta |
|---|---|---|---|
| **2.** | **Roinn 2A.5: 'Tábla na Croístraitéise'** | **Téacs le leasú** | Cuireann Tábla 2A.6 eolas ar fáil maidir le leibhéal na talún atá criosaithe sa Phlean Forbartha seo ar fud an struchtúir lonnaíochta chun críocha tithíochta, lena n-áirítear úsáid measctha. Mar atá leagtha amach sna fo-nótaí atá ag gabháil leis an tábla, táthar le haghaidh a thabhairt trí chlár Plean Ceantair Áitiúil (LAP) ar an nganntanas/farasbarr in aonaid tithíochta atá aitheanta agus ar féidir leis an gcriosú talún atá leagtha amach sa Phlean seo iad a sheachadadh. Déanfaidh an clár LAP seachadadh ar sholáthar talún cuí atá ag teacht leis na spriocanna daonra agus leis an HLR sa Phlean seo ~~tríd an ord seo a leanas:~~<br>~~(i) An Plean Ceantair Áitiúil a ghlacadh mí Iúil 2018 maidir leis An Chlochán Liath, Bealach Féich, Srath an Urláir, Béal Átha Seanaidh, Carn Domhnach, Baile Dhún na nGall agus le Ceann an Droichid freisin.~~<br>~~(ii) Ullmhú dréachtphlean Ceantair Áitiúil maidir le Leitir Ceanainn (foilsiú dréachtphlean i Q1 2019).~~<br>(iii) ~~Ullmhú dréachtphlean Ceantair Áitiúil maidir le Bun Dobhráin agus Bun Cranncha (4ú ráithe de 2018 an sprioc lena thosú).~~ |
| **3.** | **Roinn 4.1.3: 'Straitéis Forbartha Eacnamaíochta';** | **Téacs le leasú** | **Talamh agus Bonneagar ar fáil**<br><br>Is suíomh tarraingteach é baile Leitir Ceanainn, mar thiománaí eacnamaíochta an Chontae, d'fhorbairt eacnamaíochta lena n-áirítear infheistíocht dhíreach eachtrach ~~agus soláthraítear dó seo trí na criosuithe agus na beartais atá sa Phlean Forbartha seo.~~ Tá ~~a thuilleadh tailte~~ tailte faoi úinéireacht na Comhairle agus comhlachtaí eile ann ag suíomhanna éagsúla ar fud an Chontae a d'fhéadfadh soláthar ~~freisin~~ do dheiseanna giniúna fostaíochta. Meastar mar sin go bhfuil an soláthar talún leordhóthanach le freastal ar a éileamh sa ghearr go meántéarma, ach agus aitheantas á thabhairt do na héilimh a d'fhéadfadh a bheith ag athrú do spás fiontraíochta, déanfar athbhhreithniú ar an soláthar talún i Leitir Ceanainn agus Bailte Straitéiseacha Tacaíochta Shraith 2A mar chuid de phróiseas an Phlean Ceantair Áitiúil do na lonnaíochtaí seo. |

| Tag | Mar a bhfuil sé sa phlean | Cineál an Athraithe | Leasú Molta |
|---|---|---|---|
| **4.** | **Roinn 5.1.1: 'Culra'** | **Tábla 5.1B a leasú** | (see table below) |

| TIONSCADAL | TAGAIRT LÉARSCÁILE |
|---|---|
| **Tionscadal Feabhsúcháin Bhealach Tosaíochta, Dún na nGall, TEN-T** | |
| An N14 Mainéar Uí Chuinneagáin go Leifear/An Srath Bán/Bóthar Ceangail A5 | Léarscáil 5.1.4 |
| N15/N13 Réigiún Uirbeach Bhealach Féich / Shrath an Urláir | Léarscáil 5.1.5 |
| N56/N13 Leitir Ceanainn go Mainéar Uí Chuinneagáin | Léarscáil 5.1.6 |
| **NÁISIÚNTA** | |
| N15 Leifear go Bealach Féich/Srath an Urláir | Léarscáil 5.1.7 |
| N56 Tamhnach an tSalainn go hInbhear | Léarscáil 5.1.8 |
| N56 Inbhear go dtí na Cealla Beaga | Léarscáil 5.1.10 |
| N56 An Clochán Liath go dtí na Gleannta | Léarscáil 5.1.9 |
| Nasc N14/N15 go dtí an A5 (nó de réir mar is féidir é a bheith leasaithe nó curtha san áireamh, le leasú nó athrú san áireamh nó gan sin san áireamh, laistigh de na forbairtí TEN-T). | (Níl léarscáil ann). |
| **EILE** | |
| Bóthar Faoisimh Laistigh agus Lasmuigh Bhun Cranncha | Léarscáil 5.1.11 |
| Seachbhóthar Mhagh | Léarscáil 5.1.12 |
| Bóthar Ceangail Bhealach Féich | Léarscáil 15.2 |
| Seachbhóthar Bhun na hAbhann | Léarscáil 15.25 |
| Bóthar Faoisimh Lasmuigh na gCealla Beaga | Léarscáil 15.6 |
| **GRÉASÁN STRAITÉISEACH LEITIR CEANAINN** | |
| ~~Conair Faoisimh Straitéiseach an Tuaiscirt~~ Tionscadal Ghréasán an Tuaiscirt | ~~Map 12.1B & 12.3~~ (Níl léarscáil ann). |

| Tag | Mar a bhfuil sé sa phlean | Cineál an Athraithe | Leasú Molta | |
|---|---|---|---|---|
| | | | ~~Conair Faoisimh Straitéiseach an Iarthair~~ Tionscadal Ghréasán an Iarthair | ~~Map 12.1B & 12.3~~ (Níl léarscáil ann). |
| | | | ~~Conair Faoisimh Straitéiseach an Deiscirt~~ Tionscadal Ghréasán an Deiscirt | ~~Map 12.1B & 12. 3~~ (Níl léarscáil ann). |
| | | | ~~Eastern Strategic Relief Corridor~~ | ~~Map 12.1B & 12.3~~ |

## Tablá 2: Leasuithe ar Chuid C

| Scrios amach gach ábhar a bhaineann go sonrach le Leitir Ceanainn i gCuid C mar atá leagtha amach thíos: | | | |
|---|---|---|---|
| **1.** | **An leathanach aonair go díreach taobh istigh den chlúdach tosaigh ar Chuid C** | **Leasaigh '*Nóta Tábhachtach*'** | **Nóta Tábhachtach**<br><br>**<u>Nóta #1</u>**<br><br>**Plean Forbartha Contae Dhún na nGall 2018-2024 (Arna Leasú)**<br><br>Tá an tAthrú ar Phlean Forbartha Contae Dhún na nGall 2018-2024 maidir le Tionscadal Feabhsúcháin Bhealach Tosaíochta Dhún na nGall TEN—T (Athrú Uimh. 1), ar ghlac Comhaltaí Tofa Chomhairle Contae Dhún na nGall leis ar an 31 Bealtaine 2021, tugtha isteach i bPlean Forbartha Contae Dhún na nGall 2018-2024 (arna leasú). Tá cló gorm ar na téacsanna úra atá curtha isteach de bharr an athraithe sin, agus tá ~~líne tríd i gcló dearg~~ ar na téacsanna sin atá scriosta de bharr an athraithe sin.<br><br>Lena chois sin, tá na léarscáileanna seo a leanas mar chuid den athrú thuasluaite agus agus tá siad le fáil istigh i gCuid C den Phlean Forbartha: ~~Léarscáil 12.1B, Léarscáil 12.3,~~ Léarscáil 15.2, agus Léarscáil 15.17. Is é atá sna léarscáileanna seo i ndáiríre ná leaganacha leasaithe de na bunléarscáileanna a foilsíodh ar dtús mar chuid den Phlean Forbartha Contae i mí Mheithimh 2018. Ar mhaithe le soiléireacht, aon leasú atá déanta ar |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | na léarscáileanna seo mar thoradh ar an Athrú seo níl aon nóta tagartha dó sin ar na léarscáileanna sin. Mar sin féin, tá na leaganacha bunaidh de na léarscáileanna thuasluaite ar fáil chun féachaint orthu ar shuíomh idirlín na Comhairle ag: https://www.donegalcoco.ie/services/planning/planningpolicy |
| **2.** | **Clár na nÁbhar, Lch i.** | **Scrios cuid den tábla** | Scrios gach tagairt do 'Caibidil 12 Leitir Ceanainn' ó '12.1: Réamhrá go dtí '12.11.2: Beartais Straitéise Cúram Leanaí atá Sonrach do Leitir Ceanainn'. |
| **3.** | **Liosta Fíoracha, Lch iii.** | **Scrios an tagairt do Leitir Ceanainn** | Scrios an ró a thagraíonn do Caibidil 12.1: 'Na hÁiteanna i Limistéir Ainmnithe Leitir Ceanainn atá Sainithe d'Fhorbairt Shuntasach' |
| **4.** | **Liosta Táblaí, Lch iv.** | **Scrios an tagairt do Leitir Ceanainn** | Scrios na rónna a thagraíonn do:<br><br>~ Tábla 12.1: An Tábla Croístraitéis i dTaca le Leitir Ceanainn; agus<br><br>~ Tábla 12.2: Cuspóirí Criosaithe i dtaca le Leitir Ceanainn |
| **5.** | **'Réamhrá', Lch 1** | **Téacs le leasú** | Ar a seal, tá sé mar aidhm ag an mír seo den Phlean (Roinn C) éifeacht a thabhairt don phlean straitéiseach atá i Roinn A trí:<br><br>(1) **Creata sonraithe beartas agus na léarscáileanna criosaithe úsáid talún a ghabhann leo do bhailte ~~Leitir Ceanainn~~, Bhun Cranncha agus Bhun Dobhráin** a leagan amach i gCaibidil ~~12~~, 13 agus 14 faoi seach. Roimhe seo, bhí a bPleananna Forbartha aonair féin ag na bailte sin, agus tá sé i gceist go gcuirfear Pleananna Ceantair Áitiúla in ionad na gcreataí beartais agus na léarscáileanna criosaithe úsáid talún sin in imeacht ama. |
| **6.** | **'Caibidil 12 Leitir Ceanainn', leathanaigh 2-43, + Léarscáileanna** | **Scrios téacs agus léarscail** | Scrios an Chaibidil iomlán. |

| | | | |
|---|---|---|---|
| | **12.1A, 12.1B, 12.2 agus 12.3** | | |
| **7.** | **'Caibidil 15 Creataí Lonnaíochta, Réamhrá', Lch 93** | **Téacs le leasú** | Níl na Creata Lonnaíochta deartha le bheith uileghabhálach sa léiriú ar na cúinsí ábhartha ar fad a d'fhéadfaí a mheas sa chinneadh ar iarratas pleanála, mar go bhféadfadh cúinsí breise a theacht chun cinn in imeacht ama nó a bheith ábhartha i gcásanna áirithe a bheadh sonrach don láithreán. Tá na creata beartas agus na léarscáileanna criosaithe do bhailte ~~Leitir Ceanainn,~~ Bhun Cranncha agus Bhun Dobhráin (a théann in ionad na bPleananna Forbartha do na bailte sin) leagtha amach i gCaibidlí ~~12,~~ 13 agus 14 den chuid seo den Phlean. |
| **8.** | **'Caibidil 15 Creataí Lonnaíochta, Cuspóirí Criosaithe Áitiúla Úsáid Talún', Lch 95** | **Téacs le leasú** | Baineann le cuspóirí criosaithe atá leagtha amach i dTábla 15.2 le talamh atá criosaithe sna creataí lonnaíochta agus ba chóir iad a léamh i gcomhar leis na beartais níos leithne atá i Roinn B den Phlean Forbartha seo. Tá cuspóirí ábhartha criosaithe úsáid talún i dtaca le ~~Leitir Ceanainn,~~ Bun Cranncha agus Bun Dobhráin le fáil sna caibidlí cuí den chuid seo den Phlean. Ar thailte criosaithe laistigh de na Creataí Lonnaíochta, d'fhéadfaí iarratais a dheonú i gcásanna ina measann an tÚdarás Pleanála go mbeadh an úsáid nó an fhorbairt atá beartaithe ag cloí le cuspóir chriosaithe an cheantair agus seachas sin a bheadh ag teacht le beartais an Phlean, agus a bheadh de réir phleanáil chuí agus fhorbairt inbhuanaithe an cheantair. |